GENB
YOUNG BIOVOICES FOR A SUSTAINABLE FUTURE

# Moltaí beartais GenB: Achoimre feidhmiúcháin

Údair: Gina Mihai, Isidora Salim, Eddy Grand-Meyer, Agueda Gras-Velazquez (an Líonra Scoile Eorpach)

Scríbhneoirí: Féach an liosta scríbhneoirí sa tuarascáil iomlán

## Cóipcheart

© GenB Consortium, 2025

Attribution-NonCommercial-ShareAlike 4.0. Idirnáisiúnta (CC BY-NC-SA 4.0 DEED)

Eisítear an doiciméad seo faoin gceadúnas Attribution-NonCommercial-ShareAlike 4.0. Idirnáisiúnta (CC BY-NC-SA 4.0 DEED) lena dtugtar cead d'úsáideoirí an t-ábhar a dháileadh, a athmheascadh, a oiriúnú agus a fhorbairt ar aon mheán nó in aon fhormáid chun críoch neamhthráchtála amháin, ar an gcoinníoll go n-aithnítear an cruthaitheoir. Má dhéantar an t-ábhar a athmheascadh, a oiriúnú nó a fhorbairt, ní mór an t-ábhar modhnaithe a cheadúnú faoi na téarmaí céanna. Ach an tuarascáil seo a oscailt nó a úsáid, aithníonn tú téarmaí agus coinníollacha cheadúnas CC BY-NC-SA agus toilíonn tú iad a chomhlíonadh. Tá téacs iomlán an cheadúnais le fáil ar https://creativecommons.org/licenses/by-nc-sa/4.0/legalcode.en

CC BY NC SA

Comhfhreagraíonn an achoimre feidhmiúcháin seo do mholtaí beartais maidir le Sprioc Inghnóthaithe D4.5. An tAontas Eorpach a mhaoiníonn GenB. Is leis an údar nó na húdair amháin an fhaisnéis agus na tuairimí a leagtar amach sa doiciméad seo, áfach, agus ní gá go léirítear iontu tuairimí an Aontais Eorpaigh nó tuairimí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde (REA). Ní féidir freagracht a chur ar an Aontas Eorpach ná ar an údarás deonaithe as na tuairimí sin.

OUR CONSORTIUM

APRE Agenzia per la Promozione della Ricerca Europea · btg biomass technology group · LOBA® · PEDAL CONSULTING · European Schoolnet · ZSI · aiju Instituto Tecnológico de Producto Infantil y Ocio · Q-PLAN INTERNATIONAL · FVA NEW MEDIA RESEARCH · Hellenic Society for the Protection of Nature

Funded by the European Union

www.genb-project.eu info@genb-project.eu

# 1. Tionscadal GenB

Faoi thionscadal GenB, comhchruthaíodh formáidí, cuir chuige, modhanna, uirlisí agus gníomhaíochtaí nua chun daoine óga i dtrí aoisghrúpa (4-8 mbliana, 9-13 bliana, agus 14-19 mbliana d'aois) a mhealladh, chomh maith le múinteoirí, oideoirí seachfhoirmiúla agus éascaitheoirí, saineolaithe ar an mbithgheilleagar agus páirtithe leasmhara eile sa tionscadal chun oideachas a chur orthu maidir leis an mbithgheilleagar, táirgí bithbhunaithe, agus deiseanna gairme sa réimse. Tháinig sé chun cinn ó na seisiúin sin gur thaitin formáidí oideachais áirithe le gach aoisghrúpa, rud a thugann léargas ar mhodhanna oideachais éifeachtacha faoin mbithgheilleagar. Tá sé d'aidhm ag na gníomhaíochtaí a chuimsítear freisin an obair foirne agus an cheannaireacht sa seomra ranga a spreagadh, rud a d'athródh an dinimic ar bhealach dearfach agus a chuirfeadh chun cinn tuiscint níos doimhne ar thopaicí bithgheilleagair.

Córas eacnamaíoch atá sa bhithgheilleagar ina n-úsáidtear bithmhais – acmhainní bitheolaíochta in-athnuaite mar shampla plandaí, ainmhithe agus miocrorgánaigh – chun earraí, fuinneamh agus seirbhísí a tháirgeadh. Ó thaobh an oideachais de, meastar gur tábhachtach agus gur úsáideach an rud é buneolas ar an mbithgheilleagar a thabhairt do dhaltaí. Tuigeann tionscadal GenB an nasc idir an t-oideachas agus an bithgheilleagar, agus shaothraigh an tionscadal chun oideachas a chur ar dhaltaí agus chun iad a chumhachtú le bheith níos feasaí agus níos tuisceanaí ar shaincheisteanna comhshaoil, ar an inbhuanaitheacht agus ar an gciorclaíocht agus chun spéis níos mó a chur sna hábhair sin.

# 2. Moltaí

Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh sna gníomhaíochtaí éagsúla, déanann GenB moltaí dóibh seo a leanas chun an bithgheilleagar a chuimsiú mar chuid den inbhuanaitheacht comhshaoil i ngníomhaíochtaí oideachais san Eoraip: 1) an Coimisiún Eorpach; 2) Aireachtaí Oideachais agus lucht cinnteoireachta eile; 3) Múinteoirí agus oideoirí; agus 4) Ceannairí scoile. Baineann na moltaí le haghaidh gach grúpa le cúig réimse:

- An Bithgheilleagar sa Churaclam: míniú ar a bhfuil i gceist leis an mbithgheilleagar, buntáistí a bhaineann le foghlaim faoin mbithgheilleagar ar scoil, athchóiriú an churaclaim agus conas is féidir é a athrú ó bhinn
- Forbairt ghairmiúil múinteoirí agus aitheantas
- Comhoibriú
- Acmhainní ar GenB: an cineál acmhainní, rochtain ar na hacmhainní, conas tacaíocht ón rialtas náisiúnta a fháil do na hacmhainní
- Teicneolaíocht agus cuimsiú

### Ar na príomh-mholtaí don Choimisiún Eorpach, tá:

- I bhfianaise an atheagair ar an Straitéis Bhithgheilleagair Eorpach, tá sé fíor-riachtanach roinnt comharthaí soiléire a thabhairt do AS ENV (an Ard-Stiúrthóireacht um an gComhshaol), AS RTD (an Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht), agus ar deireadh AS EAC (an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr)
- Tá scileanna ar cheann de bhunchlocha na Straitéise Bithgheilleagair Eorpaí agus ba cheart dúinn é sin a mheabhrú anseo ó thaobh fostaíocht agus fiontair nua amach anseo de

- Agus, ar ndóigh, an tábhacht a bhaineann le hinfheistiú in ETIM, go háirithe do mhná

**Na príomh-mholtaí d'Aireachtaí Oideachais agus do lucht cinnteoireachta eile:**

- Tacú leis an athchóiriú curaclaim chun an t-oideachas glas a chuimsiú, agus barrfheabhas a chur ar an athchóiriú sin
- Cláir náisiúnta FGL (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) a chruthú agus aitheantas a thabhairt do chúrsaí le haghaidh ceanglais náisiúnta FGL
- Feabhas a chur ar an rochtain ar acmhainní agus ar uirlisí agus tacú le taisclanna ina bhfuil acmhainní náisiúnta
- Treoir a chur ar fáil do scoileanna chun an spás agus an t-am a chruthú le haghaidh comhoibriú agus tacú le líonraí cleachtais
- Tacú le glacadh nuatheicneolaíochtaí chun feabhas a chur ar an teagasc agus ar an gcuimsiú

**Ar na príomh-mholtaí do mhúinteoirí agus d'oideoirí, tá:**

- Leas a bhaint as uirlisí agus acmhainní atá réidh le húsáid chun an teagasc agus an fhoghlaim faoin mbithgheilleagar a chothú
- Díriú ar scileanna agus ar inniúlachtaí

**Ar na príomh-mholtaí do Cheannairí Scoile, tá:**

- Timpeallacht chumasúcháin a mhúnlú don bhithgheilleagar
- Tionscadal fadtéarmach scoile a chur chun cinn

# 3. Aschuir GenB chun tacú leis na moltaí

D'fhorbair tionscadal GenB roinnt aschuir thábhachtacha chun tacú leis na moltaí thuas. Tá roinnt samplaí i Tábla 1 d'aschuir úsáideacha a bhaineann leis na moltaí.

*Tábla 1: Aschuir GenB chun tacú leis na moltaí*

| Aschur | Nasc leis an aschur | Moladh |
|---|---|---|
| Tuarascáil GenB ar ghníomhaíochtaí comhdhearaidh | D1.2 REPORT ON CO-DESIGN ACTIVITIES \| GenB | Tacú leis an athchóiriú curaclaim chun an t-oideachas glas a chuimsiú, agus barrfheabhas a chur ar an athchóiriú sin |
| Leabharlann fhíorúil GenB | GenB | Feabhas a chur ar an rochtain ar acmhainní agus ar uirlisí agus tacú le taisclanna ina bhfuil acmhainní náisiúnta; Leas a bhaint as uirlisí agus acmhainní atá réidh le húsáid chun an teagasc agus an fhoghlaim faoin mbithgheilleagar a chothú |

| Aschur | Nasc leis an aschur | Moladh |
|---|---|---|
| | | |
| MOOC GenB, imeachtaí éagsúla | MOOC Bioeconomy for Educators: Cultivating a Sustainable Future \| GenB, Events \| GenB | Cláir náisiúnta FGL (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) a chruthú agus aitheantas a thabhairt do chúrsaí le haghaidh ceanglais náisiúnta FGL; Leas a bhaint as uirlisí agus acmhainní atá réidh le húsáid chun an teagasc agus an fhoghlaim faoin mbithgheilleagar a chothú |
| Sraitheanna uirlisí GenB | Toolkits \| GenB | Tacú le glacadh nuatheicneolaíochtaí chun feabhas a chur ar an teagasc agus ar an gcuimsiú; Leas a bhaint as uirlisí agus acmhainní atá réidh le húsáid chun an teagasc agus an fhoghlaim faoin mbithgheilleagar a chothú |
| Ambasadóirí GenB | Ambassadors \| GenB, Materials for GenB Ambassadors \| GenB | Treoir a chur ar fáil do scoileanna chun an spás agus an t-am a chruthú le haghaidh comhoibriú agus tacú le líonraí cleachtais; Leas a bhaint as uirlisí agus acmhainní atá réidh le húsáid chun an teagasc agus an fhoghlaim faoin mbithgheilleagar a chothú |

# 4. Tuilleadh eolais

https://www.genb-project.eu/

https://www.scientix.eu/resources/knowledge/projects/project?id=1620806

https://www.facebook.com/biovoices/

https://www.twitter.com/biovoices/

https://www.instagram.com/biovoices/

https://www.linkedin.com/company/biovoices/

GEN B

OUR CONSORTIUM

APRE Agenzia per la Promozione della Ricerca Europea · btg biomass technology group · LOBA® · PEDAL CONSULTING · European Schoolnet · ZSI · aiju INSTITUTO TECNOLÓGICO DE PRODUCTO INFANTIL Y OCIO · Q-PLAN INTERNATIONAL · FVA NEW MEDIA RESEARCH · Hellenic Society for the Protection of Nature

Funded by the European Union

www.genb-project.eu

info@genb-project.eu